



Preasráiteas

Lucsamburg, 6 Nollaig 2022

Tá sé faighte amach ag na hiniúcháirí nach bhfuil an fháil chéanna ar sheirbhísí poiblí digiteacha ar fud an Aontais

Cé go bhfuil Plean Gníomhaíochta an Aontais chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú agus chun r-Rialtas a chothú – seirbhísí poiblí a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí tríd an idirlíon – tugtha chun críche ag an gCoimisiún Eorpach, níl na seirbhísí poiblí digiteacha go léir atá nuachruthaithe faoin bplean gníomhaíochta sin ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. Sin go príomha mar gheall ar mhóil ar an gcur chun feidhme i gcuid de na Ballstáit. Is í sin an chonclúid atá le baint as an tuarascáil a d'fhoilsigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa inniu. I measc nithe eile, molann na hiniúcháirí dul i mbun gnímh má bhíonn aon mhóil ag baint le spriocanna digiteacha a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta, agus seirbhísí r-Rialtais a chur chun cinn níos fearr i measc na n-úsáideoirí.

“Laghdaíonn seirbhísí poiblí digiteacha an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí trína n-idirghníomhaíocht leis na húdaráis a dhéanamh níos tapa, níos éasca agus níos saoire,” arsa Ivana Maletić, an Comhalta den Chúirt a bhí i gceannas ar an iniúchadh. *“Maidir le gníomhaíochtaí a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leo, amhail sainaithe leictreonach, an Tairseach Aonair Dhigiteach agus idirnascaidh ar chláir ghnó na mBallstát, ní hé amháin go gcuidíonn siad sin leis na Ballstáit a gcuid córas a nascadh le chéile agus faisnéis a roinnt le chéile, ach spreagann sé freisin iad le dlús a chur le hathruithe agus a gcuid seirbhísí poiblí a dhigiteáil.”*

Is é a bhí mar fhís leis an bPlean Gníomhaíochta r-Rialtais ná, faoi 2020, go mbeadh na riaracháin phoiblí agus na hinstiúidí poiblí ar fud an Aontais ina n-eagraíochtaí oscailte, éifeachtach agus cuimsitheach. Thacaigh an Coimisiún Eorpach le cur chun feidhme na réiteach r-Rialtais ag na Ballstáit trí thionscadail a bhí cistithe ag an Aontas, trí thacaíocht theicniúil a thabhairt do na húdaráis náisiúnta agus trí chomhoibriú idir na húdaráis náisiúnta a chothú. Is gníomhaíochtaí a bhí le cur chun feidhme ag an gCoimisiún, agus iadsan amháin, a bhí ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta, áfach. Ní raibh aon oibleagáid ar na Ballstáit na réitigh r-Rialtais a bhí forbartha ag an gCoimisiún a chur chun feidhme ná a ghlacadh chucu féin, fiú amháin agus nádúr deonach na ngníomhaíochtaí ag na Ballstáit a bheith ardaithe cheana mar easnamh suntasach i dtionscnamh r-Rialtais a bhí ann roimhe seo. De réir na n-iniúcháirí, sin ceann de na cúiseanna go raibh deacrachtaí ag an bplean na hionchais a bhí luaite leis a bhaint amach go hiomlán. Ba cheart don Choimisiún an creat cur chun feidhme a neartú chun tathant ar na Ballstáit seirbhísí r-Rialtais a fhorbairt tuilleadh, atá mar mholadh ag na hiniúcháirí.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Tá tíortha áirithe ann a bhfuil dul chun cinn i bhfad níos mó déanta acu ó thaobh seirbhísí poiblí digiteacha a thabhairt i gcrích ná Ballstáit eile. Mar sin féin, ní fhéadfaí a dhéanamh amach cén dul chun cinn a bhí nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta nó le tosca eile, mar nach raibh na táscairí faireacháin atá in úsáid anois ag an gCoimisiún nasctha go díreach le haon cheann de na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme faoin bPlean Gníomhaíochta. Tugann na hiniúcháirí ar aire go bhforáiltear i dtogra ón gCoimisiún in 2021 dar teideal ‘Conair i dtreo na Deacáide Digití’ do chóras faireacháin a chuirfeadh de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú luath go maith ar an dul chun cinn atá déanta acu.

San anailís a rinne na hiniúcháirí ar Thargarmharcanna r-Rialtais 2017 agus 2020, taispeántar go bhfuil na seirbhísí poiblí digiteacha atá ann do ghnólachtaí níos aibí ná na seirbhísí sin atá á dtairiscint do shaoránaigh. Is í paindéim COVID-19 a chuir dlús leis an éabhlóid sin.

Chun feasacht na ngnólachtaí agus na saoránach ar na seirbhísí poiblí digiteacha atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a mhéadú, molann na hiniúcháirí go bhforbrófaí straitéis chuimsitheach bholscaireachta ina gcuirfí san áireamh na gníomhaíochtaí atá déanta ag na Ballstáit ar an ábhar seo.

Tá Tuarascáil speisialta 24/2022: *‘Gníomhaíochtaí r-Rialtais spriocdhírthe ar ghnólachtaí – Gníomhaíochtaí an Choimisiúin curtha chun feidhme, ach tá éagsúlachtaí fós ann maidir le fáil ar r-sheirbhísí ar fud an Aontais’* ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí](#).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502